

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

30 Nollaig 2020



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

II Gníomhartha neamhreachtacha

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

- ★ Cinneadh Uimh. 2/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena socraítear an dáta óna mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise [2020/2246] 1
- ★ Cinneadh uimh. 3/2020 ón gcomhchoiste a bunaíodh leis an gcomhaontú maidir le ríocht aontaithe na breataine móire agus thuaisceart éireann a bheith ag tarraingt siar as an aontas eorpach agus as an gcomhphobal eorpach do fhuinneamh adamhach an 17 Nollaig 2020 lena leasaítear an Prótacal maidir le hÉirinn agus Thuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [2020/2247] 3
- ★ Cinneadh uimh. 4/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 maidir le cinneadh earraí nach bhfuil i mbaol 2020/2248 6
- ★ Cinneadh Uimh. 5/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena gcinntear an t-uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe tosaigh de thacaíocht agus an céatadán íosta tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [2020/2249] 13
- ★ Cinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena ndéantar forail maidir leis na socrúithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann [2020/2250] 16

★ Cinneadh uimh. 7/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 22 Nollaig 2020 lena mbunaítear liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána faoin gComhaontú [2020/2251]

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

**CINNEADH Uimh. 2/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR
LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG
TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO
FHUINNEAMH ADAMHACH**

an 17 Nollaig 2020

**Iena socraítear an dáta óna mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú
maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus
Chónaidhm na hEilvéise [2020/2246]**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ (an 'Comhaontú Um Tharraingt Siar'), agus go háirithe Airteagal 33(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 33(1) den Chomhaontú Um Tharraingt Siar, forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta do shaoránaigh an Aontais, a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh an Aontais, beidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll go dtabharfaidh na stáit sin i gcrích agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha leis an Ríocht Aontaithe, ar thaobh amháin, a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh an Aontais, agus leis an Aontais, ar an taobh eile, a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe.
- (2) De bhunadh Airteagal 33(2) den Chomhaontú Um Tharraingt Siar, ar fhógra a fháil ón Ríocht Aontaithe agus ón Aontas maidir leis an dáta a thiocfaidh na comhaontuithe seo i bhfeidhm, déanfaidh an Comhchoiste an dáta a shocrú óna mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise, de réir mar is infheidhme, ar fhógra a fháil ón Ríocht Aontaithe agus ón Aontas maidir leis an dáta a thiocfaidh na comhaontuithe sin i bhfeidhm.
- (3) Thug an tAontas comhaontuithe comhfhreagracha i gcrích leis an Íoslainn, le Prionsacht Lichtinstéin agus le Ríocht na hIorua ⁽²⁾ agus le Cónaidhme na hEilvéise ⁽³⁾ a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe. Thug an Ríocht Aontaithe comhaontuithe comhfhreagracha i gcrích leis an Íoslainn, le Prionsacht Lichtinstéin agus le Ríocht na hIorua ⁽⁴⁾ agus le Cónaidhm na hEilvéise ⁽⁵⁾ a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh an Aontais.

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽²⁾ Cinneadh Uimh. 210/2020 an 11 Nollaig 2020 ó Chomhchoiste Parlaiminteach LEE lena leasaítear Iarscríbhinn VI (Slándáil Shóisialta) a ghabhann le comhaontú LEE.

⁽³⁾ Cinneadh Uimh. 1/2020 ón gComhchoiste arna bhunú faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, ar an taobh eile, i ndáil le saorghluaiseacht daoine an 15 Nollaig 2020 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le comhordú scéimeanna slándála sóisialta.

⁽⁴⁾ Comhaontú maidir leis na socrúithe idir an Íoslainn, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach, as Comhaontú LEE agus as comhaontuithe eile is infheidhme idir an Ríocht Aontaithe agus Stáit CSTE LEE de bhua bhallraíocht na Ríochta Aontaithe san Aontas Eorpach a síníodh i Londain an 28 Eanáir 2020.

⁽⁵⁾ Comhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Cearta na Saoránach tar éis Comhaontú Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus agus an Comhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine a síníodh i mBeirn an 25 Feabhra 2019.

- (4) I bhfianaise na bhfógraí a fháil ón Ríocht Aontaithe agus ón Aontas maidir le dáta theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe dá dtagraítear in aithris (3), ba cheart gur 1 Eanáir 2021 an dáta óna mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú Um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é 1 Eanáir 2021 an dáta óna mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid a Dó den Chomhaontú Um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh de chuid na hÍoslainne, Phrionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, agus Chónaidhm na hEilvéise.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE

CINNEADH uimh. 3/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 17 Nollaig 2020

lena leasaítear an Prótacal maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [2020/2247]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú Um Tharraingt Siar'), agus go háirithe pointe (d) d'Airteagal 164(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le pointe (d) d'Airteagal 164(5) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, cuirtear ar a chumas don Chomhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú ('an Comhchoiste') cinntí a ghlacadh lena ndéanfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a leasú, ar choinníoll gur gá na leasuithe sin chun earráidí a cheartú, chun aghaidh a thabhairt ar neamhghníomhartha nó ar easnaimh eile, nó chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach raibh coinne leo nuair a síníodh an Comhaontú, agus ar choinníoll nach bhféadfaidh na cinntí sin eilimintí rithabhachtacha an Chomhaontaithe a leasú. De bhun Airteagal 166(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá na cinntí arna nglacadh ag an gComhchoiste ina gceangal ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe. Ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe cinntí den sórt sin, a bhfuil na héifeachtaí dlíthiúla céanna acu agus atá ag an gComhaontú um Tharraingt Siar, a chur chun feidhme.
- (2) Faoi Airteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal').
- (3) Ní bhaineann dhá ghníomh dlí maidir le feidhmíocht astaíochtaí CO₂ gluaisteán nua agus veaineanna nua a chláraítear san Aontas agus a liostaítear faoi cheannteideal 9 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal agus a rinneadh infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann de réir Airteagal 5(4) den Phrótacal sin, le feithiclí den sórt sin a chur ar an margadh san Aontas. Dá bhrí sin ba cheart iad a bhaint d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal;
- (4) Tá ocht ngníomh dhlíthiúla ann atá riachtanach do chur i bhfeidhm rialacha an mhargaidh inmheánaigh d'earraí i ndáil le Tuaisceart Éireann agus a fágadh ar lár tráth a nglactha, ba cheart na gníomhartha sin a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal.
- (5) Chun raon feidhme cur i bhfeidhm gníomhartha sonracha áirithe a liostaíodh in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a shoiléiriú, ba cheart trí nóta a chur leis an Iarscríbhinn sin;

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

Déanfar Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal a leasú mar a leanas:

1. faoin gceannteideal '9. Mótarfheithiclí, lena n-áirítear tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta', scriosfar na n-iontrálacha seo a leanas:
 - Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí do ghluaisteáin nua phaisinéirí mar chuid de chur chuige comhtháite an Chomhphobail chun astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú
 - Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2011 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta d'astaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma nua mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais chun astaíochtaí CO₂ ó fheithiclí saothair éadroim a laghdú;

2. faoin gceannteideal ‘6. Rialachán maidir le coimircí déthaobhacha’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Feabhra 2019 lena gcuirtear chun feidhme clásail choimisce dhéthaobhacha agus sásraí eile lena féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe trádála áirithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha ⁽¹⁾’;
3. faoin gceannteideal ‘23. Ceimiceáin agus ábhair ghaolmhara’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar an trádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an Aontas agus tríú tíortha ⁽²⁾’;
4. faoin gceannteideal ‘25. Dramhaíl’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Airteagail 2 go 7, Airteagail 14 agus 17 agus Codanna A, B, C, D agus F den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol ⁽³⁾’;
5. faoin gceannteideal ‘29. Bia – ginearálta’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Treoir 2011/91/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le tásca nó marcanna lena sainaithnítear an luchtóg lena mbaineann bia-earra ⁽⁴⁾’;
6. faoin gceannteideal ‘42. Ábhar atáirgthe plandaí’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta plandaí farae a mhargú ⁽⁵⁾
 - Treoir 98/56/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hábhar iomadaithe plandaí ornáideacha a mhargú ⁽⁶⁾
 - Treoir 2008/72/CE ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le hábhair iomadaithe agus plandaithe glasraí ornáideacha, seachas síolta a mhargú ⁽⁷⁾’;
7. faoin gceannteideal ‘47. Ilghnéitheach’, cuirfear an iontráil seo a leanas leis:
 - ‘— Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú’;
8. faoin gceannteideal ‘4. Gnéithe trádáilbhunaithe ginearálta’, tar éis na hiontrála do ‘Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle’, cuirfear an nóta seo a leanas isteach:

‘Gan dochar don fhíoras go mbeidh fabhair tharaife le haghaidh tíortha incháilithe de bhun Scéim Ghinearálta um Fhabhair an Aontais infheidhme sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann:

 - ní thuigfear as na tagairtí do ‘Ballstát’ in Airteagal 9(1)(c)(ii) agus i gCaibidil VI [Forálacha maidir le cosaint agus faireachas] de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 go n-áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann;
 - ní thuigfear as na tagairtí do ‘margadh an Aontais’ in Airteagal 2(k) agus i gCaibidil VI [Forálacha maidir le cosaint agus faireachas] de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 go n-áirítear iontu margadh na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann; agus
 - ní thuigfear as na tagairtí do ‘tairgeoirí an Aontais’ agus do ‘tionscal an Aontais’ i Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 go n-áirítear iontu tairgeoirí nó tionscal na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.’;
9. faoin gceannteideal ‘5. Ionstraimí cosanta trádála’, díreach faoin gceannteideal, cuirfear isteach an nóta seo a leanas:

‘Gan dochar don fhíoras go mbeidh feidhm ag bhearta cosanta nua trádála an Aontais sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do ‘Ballstáit’ ná ‘Aontas’ i Rialachán (AE) 2016/1036, Rialachán (AE) 2016/1037, Rialachán (AE) 2015/478 agus Rialachán (AE) 2015/755 go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Ina theannta sin, maidir le hallmhairioirí a d’foc dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh an Aontais ar allmhairiú earraí a bhfuarthas imréiteach custaim ina leith i dTuaisceart Éireann, féadfaidh siad aisíocaíocht ar na dleachtanna sin a iarraidh go heisiach de bhun Airteagal 11(8) de Rialachán (AE) 2016/1036 nó Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 faoi seach.’;

⁽¹⁾ IO L 53, 22.2.2019, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 22, 26.1.2005, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 155, 12.6.2019, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 334, 16.12.2011, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 125, 11.7.1966, lch. 2298.

⁽⁶⁾ IO L 226, 13.8.1998, lch. 16.

⁽⁷⁾ IO L 205, 1.8.2008, lch. 28.

10. faoin gceannnteideal '6. Rialacháin maidir le coimircí déthaobhacha', díreach faoin gceannnteideal, cuirfear isteach an nóta seo a leanas:

'Gan dochar don fhíoras go bhfuil feidhm ag bearta coimirce déthaobhacha an Aontais sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ní thuigfear as na tagairtí do 'Ballstáit' ná 'Aontas' sna rialacháin a liostaítear thíos go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.';

11. faoin gceannnteideal '25. Dramhail' tar éis na hiontrála do 'Treoir (AE) Uimh. 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le laghdú ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol', cuirfear isteach an nóta seo a leanas:

'I ndáil le cur i bhfeidhm na nAirteagal agus na gCodanna sin maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, léifear aon tagairt do '3 Iúil 2021' in Airteagal 4 (1), agus in Airteagail 14 agus 17 (1) mar thagairt do '1 Eanáir 2022'. Beidh feidhm ag Airteagail 2, 3, 14 agus 17, agus Cuid F den larscríbhinn, a mhéid a bhaineann siad le hAirteagail 4 go 7.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

Maroš ŠEFČOVIČ

Michael GOVE

**CINNEADH UIMH. 4/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A
BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL
EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH**

an 17 Nollaig 2020

maidir le cinneadh earraí nach bhfuil i mbaol 2020/2248

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh, agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an gCinneadh seo leagtar amach rialacha le haghaidh Airteagal 5(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ("an Prótacal") a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) na dálaí faoina measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, an t-earra sin gan bheith faoi réir próiseáil tráchtála i dTuaisceart Éireann;
- (b) na critéir lena measfar, i dtaca le hearra arna thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ó lasmuigh den Aontas, nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin.

Airteagal 2

Próiseáil neamhthráchtála

Ní mheasfar earra a bheith faoi réir próiseáil tráchtála i gcás ina mbeidh an méid seo a leanas amhlaidh:

- (a) ba lú ná GBP 500,000 an láimhdeachas bliantúil iomlán, sa bhliain airgeadais iomlán is déanaí, a bhí ag an duine a thaisc dearbhú maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht i leith an earra sin nó ag an duine ar taisceadh an dearbhú sin thar a cheann ("allmhaireoir"); nó
- (b) is i dTuaisceart Éireann a dhéanfar an phróiseáil agus is chun na críche seo a leanas amháin an phróiseáil sin:
 - (i) bia a dhíol le tomhaltóir deiridh sa Ríocht Aontaithe;
 - (ii) foirgníocht, i gcás inar cuid bhuan iad na hearraí a phróiseálfar de dhéanmhas a dhéanfaidh an t-allmhaireoir agus a shuífidh sé i dTuaisceart Éireann;
 - (iii) soláthar díreach ón allmhaireoir, i dTuaisceart Éireann, d'fhaighteoir seirbhísí sláinte nó seirbhísí cúraim;
 - (iv) gníomhaíochtaí neamhbhrabúis i dTuaisceart Éireann, i gcás nach ndíolfaidh an t-allmhaireoir an t-earra próiseáilte ina dhiaidh sin; nó
 - (v) úsáid deiridh mar bheatha ainmhithe in áitreabh i dTuaisceart Éireann ag an allmhaireoir.

Airteagal 3

Critéir lena measfar nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar earraí isteach san Aontas ina dhiaidh sin

1. Measfar nach bhfuil riosca ann go n-aistreofar earra isteach san Aontas ina dhiaidh sin, i gcás nach meastar é a bheith faoi réir próiseáil tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 2, agus go meastar go gcomhlíontar na critéir seo a leanas:

- (a) i gcás earraí a thabharfar isteach i dTuaisceart Éireann ó chuid eile den Ríocht Aontaithe trí bhithin iompar díreach,
 - (i) is cothrom le nialas an dleacht is infíoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais, nó

- (ii) tá údaraithe don allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagail 5 go 7 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe, nó le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear an cás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 2 sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh;
 - (b) i gcás earraí a thabharfar isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach ó áit seachas an tAontas nó cuid eile den Ríocht Aontaithe,
 - (i) tá an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais cothrom le, nó níos lú ná, an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe, nó
 - (ii) tá údaraithe don allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagail 5 go 7 den Chinneadh seo an t-earra sin a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann lena dhíol le tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe, nó lena sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh atá sa Ríocht Aontaithe (agus áirítear leis sin an cás ina raibh an t-earra sin faoi réir próiseáil neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 2 sula ndearnadh é a dhíol le tomhaltóirí deiridh, nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh), agus tá an difríocht idir an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais agus an dleacht is iníoctha de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe níos lú ná 3 % de luach custaim an earra.
2. Ní bheidh feidhm ag mír (1)(a)(ii) ná mír (1)(b)(ii) maidir le hearraí atá faoi réir bearta cosanta trádála arna nglacadh ag an Aontas.

Airteagal 4

An dleacht is infheidhme a chinneadh

Chun críocha Airteagal 3(1)(a)(i) agus Airteagal 3(1)(b), beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

- (a) déanfar an dleacht is iníoctha de réir Chomhtharaif Chustaim an Aontais a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha a leagfar amach i reachtaíocht chustaim an Aontais;
- (b) déanfar an dleacht is iníoctha i leith earra de réir tharaif chustaim na Ríochta Aontaithe a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i reachtaíocht chustaim na Ríochta Aontaithe.

Airteagal 5

Údarú chun na gcríoch in Airteagal 3

1. Chun críocha Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(1)(b)(ii), is faoi bhráid údarás inniúil na Ríochta Aontaithe a chuirfear iarratas ar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann trí bhíthin iompar díreach lena ndíol le tomhaltóirí deiridh, nó lena sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh.

2. San iarratas ar an údarú dá dtagraítear i mír 1 beidh faisnéis faoi ghníomhaíochtaí gnó an iarratasóra, faoi na hearraí a thugann sé isteach i dTuaisceart Éireann de ghnáth, maille le tuairisc ar chineál na dtaifead, na gcóras agus na rialuithe a chuir an t-iarratasóir i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar dearbhú custaim cuí, chun críoch custaim, i leith na n-earraí arna gcumhdach faoin údarú agus go bhféadfar fianaise a chur ar fáil a sheasfaidh leis an ngealltanas in Airteagal 6(b). Coinneoidh an trádálaí an fhianaise, e.g. sonraisc, le haghaidh na gcúig bliana deireanacha roimhe sin agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis inniúla í arna iarraidh sin dóibh. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo leagtar síos na sonraí nach mór a chur san iarratas.

3. Léireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, san údarú:

- (a) ainm an duine dár deonaíodh an t-údarú (“sealbhóir an údaraithe”);
- (b) uimhir thagartha aonair a shann an t-údarás inniúil custaim don chinneadh (“uimhir thagartha an údaraithe”);
- (c) an t-údarás a dheonaigh an t-údarú;
- (d) dáta theacht i bhfeidhm an údaraithe.

4. Na forálacha i reachtaíocht chustaim an Aontais maidir le cinní a bhaineann leis an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu maidir leis na hiarratais agus na húdaruithé dá dtagraítear san Airteagal seo, lena n-áirítear an méid a bhaineann le faireachán.

5. I gcásanna ina bhfeicfidh údarás inniúil custaim na Ríochta Aontaithe mí-úsáid á baint d'aonghnó as údarú nó sárú á dhéanamh ar na coinníollacha a ghabhann le húdarú a leagtar amach sa Chinneadh seo, cuirfidh an t-údarás an t-údarú ar fionraí nó cúlghairfidh sé é.

Airteagal 6

Coinníollacha ginearálta maidir le húdarú

Chun críocha Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(1)(b)(ii), féadfar údarú a dheonú d'iarratasóirí:

(a) a mbeidh na critéir um bhunú seo a leanas comhlíonta acu:

(i) tá siad bunaithe i dTuaisceart Éireann nó tá áit ghnó sheasta acu i dTuaisceart Éireann

— a bhfuil acmhainní daonna agus teicniúla ann ar bhonn buan; agus

— óna ndéantar earraí a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí; agus

— a bhfuil teacht nó rochtain ann ar thaifid chustaim, ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair i dTuaisceart Éireann, agus

(ii) i gcás nach i dTuaisceart Éireann atá siad bunaithe, is sa Ríocht Aontaithe a dhéantar a gcuid oibríochtaí uile a bhaineann le custam agus tá ionadaí indíreach custaim acu i dTuaisceart Éireann;

(b) a thabharfaidh gealltanais nach dtabharfaidh siad earraí isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin lena ndíol le tomhaltóirí deiridh, nó lena soláthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh, lena n-áirítear an cás ina raibh na hearraí sin faoi réir próiseála neamhthráchtála i gcomhréir le hAirteagal 2 sula ndearnadh iad a dhíol le tomhaltóirí deiridh nó a sholáthar le haghaidh úsáid deiridh ag tomhaltóirí deiridh; agus, i gcás díol le tomhaltóirí deiridh i dTuaisceart Éireann, a thabharfaidh gealltanais go ndéanfar an díol ó cheann amháin nó níos mó d'ionaid díolacháin fhisiciúla i dTuaisceart Éireann óna ndéantar díol díreach le tomhaltóirí deiridh.

Airteagal 7

Coinníollacha sonracha maidir le húdarú

1. Chun críocha Airteagal 3(1)(a)(ii) agus Airteagal 3(1)(b)(ii), ní dheonófar údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuaisceart Éireann ach amháin d'iarratasóirí a mbeidh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6 comhlíonta acu agus na coinníollacha seo a leanas:

(a) go ndearbhaíonn an t-iarratasóir, i dtaca le hearraí arna dtabhairt isteach i dTuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a)(ii) nó le hAirteagal 3(1)(b)(ii), go ndéanfaidh sé dearbhú custaim i leith na n-earraí sin mar earraí a bhfuiltear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann;

(b) nach mbeidh aon sárú ná sárú tromchúiseach déanta ag an iarratasóir ar reachtaíocht chustaim ná ar rialacha cánachais agus nach mbeidh ar taifead ina leith taifead i ndáil le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhain lena chuid gníomhaíochta geilleagraí;

(c) i gcás earraí a bhfuiltear le dearbhú custaim a dhéanamh ina leith mar earraí nach ngabhann aon riosca leo, léireoidh an t-iarratasóir go bhfuil ardleibhéal rialaithe aige ar a chuid oibríochtaí agus ar an sreabhadh earraí, trí bhithin córas le haghaidh bainistiú taifead tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, bainistiú taifead iompair, a fhágann gur féidir rialuithe iomchuí a dhéanamh agus fianaise a sholáthar chun tacú leis an ngealltanais in Airteagal 6(b).

2. Ní dheonófar údaruithe ach amháin má mheasann an t-údarás custaim go mbeidh sé in ann rialuithe a chur i gcrích gan iarracht dhíreireach riaracháin, lena n-áirítear rialú ar aon fhianaise gur díoladh na hearraí le tomhaltóirí deiridh nó gur soláthraíodh iad faoi réir a n-úsáide deiridh ag tomhaltóirí deiridh.

3. Le linn na tréimhse dar críoch dhá mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, féadfar údarú a dheonú ar bhonn sealadach má bhíonn iarratas iomlán curtha isteach ag an iarratasóir, má chomhlíonann sé mír 1(b), agus má dhearbhaíonn sé go gcomhlíonann sé na coinníollacha eile a ghabhfaidh leis an údarú. Beidh teorainn ceithre mhí le tréimhse an údaráithe shealadaigh agus ó dheireadh na tréimhse sin ní mór údarú buan a bheith deonaithe le go leanfadh an trádálaí de bheith údaráithe.

*Airteagal 8***Malartú faisnéise maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) den Phrótacal**

1. Gan dochar d'oibleagáidí na Ríochta Aontaithe de bhun Airteagal 5(4) den Phrótacal, arna léamh i gcomhar le Rialachán (CE) Uimh. 638/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ agus Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, soláthróidh an Ríocht Aontaithe faisnéis don Aontas ar bhonn míosúil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5(1) agus Airteagal 5(2) den Phrótacal agus maidir le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is éard a bheidh san fhaisnéis sin méideanna agus luachanna ina bhfoirm chomhiomlánaithe agus méideanna agus luachanna in aghaidh na coinsíneachta, maille leis na modhanna iompair, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- (a) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann nach raibh aon dleachtanna custaim iníoctha ina leith de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 5(1) den Phrótacal;
- (b) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann arbh iad na dleachtanna custaim ab infheidhme ina leith na dleachtanna custaim is infheidhme sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 5(1) den Phrótacal; agus
- (c) earraí a tugadh isteach i dTuaisceart Éireann a raibh na dleachtanna custaim ab iníoctha ina leith i gcomhréir le Comhtharaif Chustaim an Aontais.

2. Soláthróidh an Ríocht Aontaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar an 15ú lá oibre den mhí i ndiaidh na míosa a gcuirfear an fhaisnéis ar fáil ina leith.

3. Soláthrófar an fhaisnéis trí bhíthin teicnící próiseála sonraí leictreonacha.

4. Arna iarraidh sin do na hionadaithe de chuid an Aontais dá dtagraítear i gCinneadh 6/2020 ón gComhchoiste an 17 Nollaig 2020 lena ndéantar foráil maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, agus dhá uair, ar a laghad, sa bhliain, déanfaidh údarais inniúla na Ríochta Aontaithe faisnéis i bhfoirm chomhiomlánaithe agus faisnéis in aghaidh gach údaraithe a sholáthar do na hionadaithe sin maidir leis na húdaruithe a deonaíodh de bhun Airteagail 5 go 7, lena n-áirítear líon na n-údaruithe a deonaíodh, a diúltaíodh agus a cúlghaireadh.

5. Cuirfear tús le haistriú rialta na faisnéise dá dtagraítear thuas a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an 15 Aibreán 2021. Cumhdófar leis an gcéad aistriú faisnéise an fhaisnéis le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na míosa roimh an aistriú.

*Airteagal 9***Athbhreithniú agus foirceannadh**

Má mheasann ceachtar de na Páirtithe go bhfuil atreorú suntasach trádála á dhéanamh, nó go bhfuil calaois nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile á ndéanamh, cuirfidh an Páirtí sin an Páirtí eile sa Chomhchoiste ar an eolas maidir leis sin faoin 1 Lúnasa 2023, agus déanfaidh na Páirtithe gach ar féidir leo chun an t-ábhar a réiteach chun sástacht a chéile. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar réiteach a bheidh chun sástacht a chéile, scoirfidh Airteagal 3(1)(a)(ii), Airteagal 3(1)(b)(ii) agus Airteagail 5 go 8 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu ón 1 Lúnasa 2024, mura rud é go gcinntíodh an Comhchoiste, roimh an 1 Aibreán 2024, iad a choinneáil i bhfeidhm.

I gcás ina scoirfidh Airteagal 3(1)(a)(ii), Airteagal 3(1)(b)(ii) agus Airteagail 5 go 8 den Chinneadh seo d'fheidhm a bheith acu i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, leasóidh an Comhchoiste an Cinneadh seo faoin 1 Lúnasa 2024 chun foráil mhalartach iomchuí a dhéanamh a bheidh infheidhme ón 1 Lúnasa 2024, agus déanfar sin ag féachaint do na himthosca sonracha i dTuaisceart Éireann agus le hurraim iomlán d'áit Thuaisceart Éireann i gcríoch chustaim na Ríochta Aontaithe.

⁽¹⁾ Rialachán (CE) Uimh. 638/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil earraí idir Ballstáit agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3330/91 ón gComhairle (IO L 102, 7.4.2004, lch. 1).

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 471/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le staidreamh Comhphobail a bhaineann le trádáil eachtrach le tíortha nach Ballstáit iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1172/95 ón gComhairle (IO L 152, 16.6.2009, lch. 23).

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, Déardaoin 17 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste

Na Comhchathaoirligh

Maroš ŠEFČOVIČ

Michael GOVE

IARSCRÍBHINN

**Iarratas ar Údarú chun earraí a thabhairt isteach i dTuisceart Éireann le haghaidh tomhaltóirí deiridh
(dá dtagraítear in Airteagal 5 den Chinneadh)**

FAISNÉIS A BHEIDH SAN IARRATAS

1. Doiciméid tacaíochta

Doiciméid tacaíochta éigeantacha agus faisnéis tacaíochta éigeantach atá le soláthar ag na hiarratasóirí go léir:

Doiciméad um bhunú an ghnólaigh / cruthúnas ar bhuanbhunaíocht ghnó

2. Doiciméid tacaíochta eile agus faisnéis tacaíochta eile atá le soláthar ag an iarratasóir:

Aon doiciméad tacaíochta eile nó aon fhaisnéis tacaíochta eile a mheastar a bheith ábhartha i dtaca lena sheiceáil an bhfuil an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Chinneadh.

Ní mór faisnéis a sholáthar faoi chineál agus, i gcás inarb infheidhme, faoi uimhir aitheantais agus/nó dáta eisiúna an doiciméid tacaíochta nó na ndoiciméad tacaíochta a bheidh ag gabháil leis an iarratas. Ní mór líon na ndoiciméad atá i gceangal a thabhairt mar fhaisnéis freisin.

3. Dáta agus síniú an iarratasóra

I gcás iarratais a dhéanfar trí bhíthin teicníc próiseála sonraí leictreonach, déanfaidh an duine a thaiscfaidh an t-iarratas an t-iarratas a fhíordheimhniú.

An dáta a shínigh an t-iarratasóir an t-iarratas nó a rinne sé an t-iarratas a fhíordheimhniú ar dhóigh eile.

Sonraí an iarratasóra

4. Iarratasóir

Is é duine é an t-iarratasóir an duine a dhéanfaidh an t-iarratas ar chinneadh chuig na húdaráis chustaim.

Cuir isteach ainm agus seoladh an duine lena mbaineann.

5. Uimhir aitheantais an iarratasóra

Is é duine é an t-iarratasóir an duine a dhéanfaidh an t-iarratas ar chinneadh chuig na húdaráis chustaim.

Cuir isteach Uimhir Chláirúcháin agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (uimhir EORI) an duine lena mbaineann, mar a fhoráiltear in Airteagal 1(18) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ⁽¹⁾.

6. Stádas dlíthiúil an iarratasóra

An stádas dlíthiúil atá luaite sa doiciméad um bhunú.

7. Uimhir aitheantais CBL nó uimhreacha aitheantais CBL

I gcás inar sannadh uimhir aitheantais CBL nó uimhreacha aitheantais CBL, cuir isteach an uimhir nó na huimhreacha sin.

8. Gníomhaíochtaí gnó

Cuir isteach faisnéis faoi ghníomhaíocht ghnó an iarratasóra. Tabhair tuairisc ghairid ar do ghníomhaíocht tráchtála agus luaigh do ról i slabhra an tsoláthair (e.g. monaróir earraí, allmhaireoir, miondíoltóir, etc.). Tabhair tuairisc ar an méid seo a leanas:

- an úsáid a bheartaítear a bhaint as na hearraí allmhairithe, lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-earraí agus tuairisc faoi cé acu a dhéanfar aon chineál próiseála orthu nó nach ndéanfar.
- meastachán ar líon na ndearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht atá le déanamh in aghaidh na bliana i leith na n-earraí lena mbaineann.
- an cineál taifead, córas agus rialuithe a cuireadh i bhfeidhm chun tacú leis an ngealltanas in Airteagal 6(b).

⁽¹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe a bhaineann le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 28.12. 2015, lch. 1).

9. Láimhdeachas bliantúil

Chun críocha Airteagal 2 den Chinneadh, cuir isteach an láimhdeachas bliantúil le haghaidh na bliana airgeadais iomláine is déanaí. I gcás gnólacht nuabhunaithe, ní mór na taifid agus an fhaisnéis a sholáthar de réir mar is ábhartha chun go bhféadfar meastachán a dhéanamh ar an láimhdeachas ionchais e.g. an cuntas is déanaí ar an sreabhadh airgid, an clár comhardaithe agus réamhaisnéisí brabúis agus cailteanais, arna bhformheas ag na stiúrthóirí/ag na comhpháirtithe/ag an dílseánach aonair.

10. Teagmhálaí atá freagrach as an iarratas

Beidh an duine teagmhálaí freagrach as teagmháil a choinneáil leis na húdaráis chustaim maidir leis an iarratas.

Cuir isteach ainm an teagmhálaí mar aon le haon cheann díobh seo a leanas: uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist (seoladh bosca ríomhphoist fheidhmiúil ab fhearr a thabhairt)

11. An duine atá i bhfeighil na cuideachta is iarratasóir nó atá ag feidhmiú rialaithe ar bhainistíocht na cuideachta sin

Chun críocha Airteagal 7(b) den Chinneadh, cuir isteach ainm/ainmneacha agus sonraí iomlána an duine nó na ndaoine lena mbaineann de réir bhunaíocht dhlíthiúil/fhoirm dhlíthiúil na cuideachta is iarratasóir, go háirithe: stiúrthóir/bainisteoir na cuideachta agus comhaltaí an bhoird stiúrtha, más ann dóibh. Ba chóir an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna sonraí: ainm agus seoladh iomlán, agus dáta breithe agus uimhir aitheantais náisiúnta.

Dátaí, tráthanna, tréimhsí agus áiteanna

12. An dáta bunaithe

Cuir isteach – i bhfigiúirí – lá, mí agus bliain an dáta bunaithe.

13. Seoladh na bunaíochta / seoladh cónaithe

Seoladh iomlán na háite ina bhfuil an duine bunaithe nó ina bhfuil cónaí air, lena n-áirítear aitheantóir na tíre nó na críche.

14. An áit a gcoimeádtar taifid

Cuir isteach seoladh iomlán an tsuímh/seoltaí iomlána na suíomhanna ina gcoimeádtar taifid an iarratasóra nó ina bhfuil sé beartaithe iad a choimeád. Féadfar an cód NA/LOCODE a thabhairt in ionad an tseolaidh, má thugann sé tuairisc neamh-dhébhrioch ar chéannacht an tsuímh lena mbaineann.

15. An áit nó na háiteanna ina ndéanfar an phróiseáil nó an úsáid

Sonraigh, le do thoil, seoladh na háite ina ndéanfar an phróiseáil ar na hearraí, i gcás inarb infheidhme, agus a ndíolfar leis na tomhaltóirí deiridh iad.

CINNEADH Uimh. 5/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 17 Nollaig 2020

lena gcinntear an t-uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe tosaigh de thacaíocht agus an céatadán íosta tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach [2020/2249]

TÁ AN COMHCHOISTE

Ag féachaint don Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 10(2) de agus Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leibhéal bliantúil foriomlán de thacaíocht i gcás táirgí talmhaíochta seachas táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe

1. Is é GBP 382,2 milliún ⁽¹⁾ a bheidh san uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe tosaigh de thacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótocal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcás táirgí talmhaíochta seachas táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.
2. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe an t-uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe de thacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a mhéadú, suas le méid breise GBP 25,03 milliún i mbliain ar leith leis an gcuid den mhéid den uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe de thacaíocht nár caitheadh sa bhliain féilire roimhe sin.
3. Déanfar an t-uasleibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe de thacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a mhéadú GBP 6,8 milliún le haghaidh bliain ar leith:
 - (a) i gcás ina bhfuil bearta déanta ag an Aontas Eorpach le linn na bliana sin, lena gcumhdaítear Poblacht na hÉireann, faoi Chuid II, Teideal I, Caibidil I nó Airteagail 219, 220 nó 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ⁽²⁾; nó
 - (b) mar gheall ar an méid seo a leanas:
 - (i) galar ainmhithe,
 - (ii) teagmhas nó cúinse a dhéanann an margadh a shuaitheadh go mór, nó ar baol dó an margadh a shuaitheadh go mór, i gcás inar dóigh go leanfaidh an staid sin, nó éifeachtaí na staide sin ar an margadh, go leanfaidh siad ar aghaidh nó go rachaidh siad in olcas;
 - (iii) staid ina bhfuil suaithreadh tromchúiseach ar an margadh is féidir a chur síos go díreach do chailleadh muiníne tomhaltóirí i ngeall ar rioscaí sláinte agus galair don phobal, d'ainmhithe, nó do phlandaí; nó
 - (iv) tubaiste nádúrtha a chuireann isteach ar chríoch Thuaisceart Éireann agus nach gcuireann isteach an méid céanna ar oileán uile na hÉireann.

Ní bheidh feidhm ag pointe (b) ach amháin i gcás ina gcuirfidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach ar an eolas 10 lá ar a laghad sula mbainfidh sí úsáid as an leibhéal bliantúil foriomlán méadaithe de thacaíocht.

⁽¹⁾ Chun críche na ríomhanna agus na méideanna uile a leagtar amach in GBP sa Chinneadh seo, in EUR, úsáidfear ráta malairte Íocaíochtaí Díreacha 2019 (€1 = £0.89092).

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 922/72, Rialachán (CEE) Uimh. 234/79, Rialachán (CE) Uimh. 1037/2001, agus Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 (IO L 347, an 20.12.2013, lch. 671).

*Airteagal 2***Leibhéal bliantúil foriomlán de thacaíocht i gcás táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe**

1. Is é GBP 16,93 milliún a bheidh san uasleibhéal foriomlán díolmhaithe tosaigh de thacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Thuaisceart Éireann i gcás táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe le linn na chéad chúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo agus le linn aon tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ní ceadmhach an leibhéal bliantúil foriomlán díolmhaithe de thacaíocht i gcás na dtáirgí sin a bheith níos mó ná GBP 4,01 milliún in aon bhliain ar leith.
2. Ní bheidh na hoibríochtaí seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiú ó na méideanna dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) oibríochtaí lena méadaítear acmhainn iascaireachta soithigh nó trealamh lena méadaítear cumas an tsoithigh teacht ar éisc;
 - (b) tógáil soithí iascaireachta nua nó allmhairiú soithí iascaireachta;
 - (c) scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta;
 - (d) scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta, ach amháin má bhaineann sin le haon cheann de na nithe seo a leanas:
 - (i) bearta éigeandála arna dtabhairt isteach ag údaráis na Ríochta Aontaithe, nó ag an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, ar feadh uastréimhse sé mhí, chun bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha muirí nó ar an éiceachóras muirí a mhaolú;
 - (ii) neamh-athnuachan ar chomhaontú iascaigh idirnáisiúnta nó ar phrótacail a ghabhann leis;
 - (iii) plean bainistíochta iascaigh arna fhoilsiú faoi reachtaíocht sa Ríocht Aontaithe, nó sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, ina leagtar amach beartaí atá ceaptha chun stoc éisc amháin nó níos mó a thabhairt ar ais go leibhéil inbhuanaithe, nó na stoic sin a choinneáil ag leibhéil inbhuanaithe;
 - (iv) bearta éigeandála arna dtabhairt isteach ag údaráis na Ríochta Aontaithe, nó ag an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, mar fhreagairt ar éigeandáil sláinte poiblí nó éigeandáil eile ag a bhfuil tionchar mór ar na hearnálacha iascaireachta nó dobharshaothraithe
 - (e) iascaireacht thaiscéalaíoch;
 - (f) aistriú úinéireachta ar ghnóthas; agus
 - (g) athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta maidir leis i mbearta ag údaráis na Ríochta Aontaithe, nó ag an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann, chun stoic éisc nó an t-éiceachóras muirí a chaomhnú, nó i gcás athstocáil thurgnamhach.

Tá na heisceachtaí dá bhforáiltear i bpointe (d) faoi réir an choinníll go ndéantar na gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann an soitheach iascaireachta nó an t-iascaire lena mbaineann a chur ar fionraí go héifeachtach agus go ndeonaítear an cistiú ar feadh uastréimhse sé mhí in aghaidh an tsoithigh.

*Airteagal 3***Céatadán íosta**

Is é 83 % a bheidh sa chéatadán íosta tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Phrótacal agus beidh feidhm aige maidir le méideanna an leibhéil bhliantúil fhoriomláin dhíolmhaithe de thacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 4***Athbhreithniú**

Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú tráthrialta ar an gCinneadh seo agus ar a chur chun feidhme.

*Airteagal 5***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE

CINNEADH Uimh. 6/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 17 Nollaig 2020

lena ndéantar forail maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann [2020/2250]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann atá i gceangal leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 12(3) de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

1. Leagtar amach sa Chinneadh seo na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú chearta an Aontais, trína ionadaithe, dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann (“an Prótacal”).
2. Chun críocha an Chinnidh seo, ciallaíonn “gníomhaíochtaí cumhdaithe” aon ghníomhaíocht de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm fhorálacha dhlí an Aontais a dtugtar feidhm dóibh leis an bPrótacal, chomh maith le gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm Airteagal 5 den Phrótacal, lena n-áirítear cinntí ón gComhchoiste a ghlactar faoi sin, de bhun Airteagal 12(2) den Phrótacal.

Airteagal 2

Ionadaithe an Aontais

1. Áiríteoidh an tAontas go ngníomhóidh a chuid ionadaithe, a fheidhmíonn na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal, de mheon macánta agus go rachaidh siad i ndlúthchomhar le húdaráis na Ríochta Aontaithe a dhéanfaidh gníomhaíochtaí cumhdaithe, agus áiríteoidh sé freisin go gcoinneoidh siad ndlúth-chumarsáid ar bun leo.
2. Ní bheidh Ionadaithe an Aontais a fheidhmíonn na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal páirteach in aon ghníomhaíocht nach mbaineann le feidhmiú na gceart sin.
3. Agus a gceart chun bheith i láthair á fheidhmiú acu, cuirfidh ionadaithe an Aontais san áireamh an treoraíocht a thug údaráis na Ríochta Aontaithe dóibh maidir lena sábháilteacht agus le sábháilteacht daoine eile. Urramóidh siad aon cheanglas arna fhorchur go dleathach ag údaráis na Ríochta Aontaithe atá freagrach as forfheidhmiú an dlí, faoi réir Theideal XII agus Theideal XIII (Airteagail 120 agus 121) de Chuid a Trí den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
4. Áiríteoidh an tAontas nach bhféadfaidh a chuid ionadaithe faisnéis a nochtadh, a bhfuil eolas acu uirthi de bharr cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú, ach amháin d’institiúidí, do chomhlachtaí, d’oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais agus chomh maith leis sin d’údaráis na Ríochta Aontaithe, mura rud é go bhfuil siad údaraithe ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil an Aontais.
5. Tá sé de cheart ag ionadaithe an Aontais a bheith i láthair le linn na gníomhaíochtaí cumhdaithe sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear i ngach áit ina dtagann earraí nó ainmhithe isteach nó ina n-imíonn siad amach as Tuaisceart Éireann trí na calafoirt nó na haerfoirt. Ní fhéadfaidh ionadaithe an Aontais rochtain a fháil ar shaoráidí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) ach amháin nuair atá ionadaithe údaráis na Ríochta Aontaithe i láthair agus nuair atá na saoráidí á n-úsáid chun gníomhaíochtaí cumhdaithe a dhéanamh, nó nuair a bheidh saoráid oibríochtúil ar shlí eile chun na críche sin. Féadfaidh ionadaithe an Aontais a bheith in éineacht le haon ionadaí ó údaráis na Ríochta Aontaithe aon uair a bheidh aon cheann de na gníomhaíochtaí cumhdaithe á dhéanamh ag ionadaithe na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear le haghaidh cigireachtaí ar láithreáin seachas na cinn dá dtagraítear san abairt roimhe seo.

6. Éascóidh an Ríocht Aontaithe láithreach na n-ionadaithe de chuid an Aontais a fheidhmíonn na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal agus soláthróidh sí aon trealamh, áiseanna agus saoráidí eile is gá, amhail stáisiúin oibre atá feistithe go leordhóthanach agus naisc TF leormhaithe, chun a gcúraimí a dhéanamh.
7. Beidh cartlann an Aontais maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le haon ghníomhaíocht cumhdaithe dosháraithe.
8. Ní chuirfear bac ar ionadaithe an Aontais atá i láthair sa Ríocht Aontaithe gluaiseacht faoi shaoirse sa Ríocht Aontaithe chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú.
9. Agus na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal á bhfeidhmiú ag ionadaithe an Aontais, beidh cárta aitheantais fótafach ag gabháil leo ina ndeimhneofar a n-ainm, a bhfeidhm, agus institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais a mbaineann siad leo. Eiseoidh an tAontas cártaí aitheantais den sórt sin trí úsáid a bhaint as samplach a roinnfidh an tAontas leis an Ríocht Aontaithe laistigh de mhí amháin ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.
10. Agus na háiteanna ina bhfeidhmeofar na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal bainte amach ag ionadaí an Aontais, cuirfidh sé an cárta aitheantais dá dtagraítear i mír 9 ar fáil. Faoi réir mhír 3 agus a luaithe a bheidh sé sainaitheanta go cuí, deonófar rochtain ar an tsaoirid láithreach d'ionadaí an Aontais.
11. Beidh ionadaithe an Aontais i dteideal taisteal chuig an Ríocht Aontaithe gan fógra nó formheas a thabhairt roimh ré chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú. Féadfaidh siad taisteal chuig an Ríocht Aontaithe tríd an *laissez-passer* arna eisiúint ag an Aontas a úsáid.
12. Maidir le hionadaithe an Aontais sa Ríocht Aontaithe chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú, in éineacht lena gcéilí agus le baill chleithiúnacha dá dteaghlach, ní bheidh siad faoi réir srianta inimirce ná foirmiúlachtaí ó thaobh eachtrannaigh a chlárú de.
13. Fad a bheidh siad sa Ríocht Aontaithe chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú, tabharfar na saoráidí céanna d'ionadaithe an Aontais maidir le rialacháin airgeadra nó mhalairte is gnách a thabhairt d'oifigigh ó eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe agus beidh siad díolmhaithe ó chánachas náisiúnta ar a dtuarastail, a bpá agus a ndíolaíochtaí arna n-íoc ag an Aontas nó ag na Ballstáit. Ní bheidh feidhm ag pribhléidí ná díolúintí cánach den sórt sin maidir le hionadaí de chuid an Aontais más náisiúnach Briotanach é (seachas náisiúnach Briotanach ar náisiúnach é freisin de Bhallstát den Aontas agus nach bhfuil cónaí air sa Ríocht Aontaithe tráth an cheapacháin) nó más cónaitheoir buan den Ríocht Aontaithe é.
14. Fad a bheidh siad sa Ríocht Aontaithe chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótacal a fheidhmiú, beidh an ceart ag ionadaithe an Aontais a dtoscán agus a maoin phearsanta, lena n-áirítear mótarfheithiclí, a allmhairiú agus a athonnmhairiú saor ó dhleacht.
15. Measfar, chun críocha Theideal XII agus Theideal XIII (Airteagail 120 agus 121) de Chuid a Trí den Chomhaontú um Tharraingt Siar, gur gníomhaíochtaí de chuid an Aontais de bhun an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar iad gníomhaíochtaí ionadaithe an Aontais sa Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 12(2) den Phrótacal.

Airteagal 3

Pointí teagmhála

1. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe liosta ar fáil don Aontas de na húdaráis a dhéanfaidh gníomhaíochtaí cumhdaithe agus dá saoráidí.

Ainmneoidh an Ríocht Aontaithe pointe teagmhála le haghaidh gach ceann de na húdaráis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus cuirfidh sí na sonraí teagmhála ábhartha ar fáil don Aontas.

2. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe aon leasú ar an liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1, nó aon athrú ar phointe nó sonraí teagmhála, in iúl don Aontas go pras.
3. Ainmneoidh an tAontas pointe teagmhála chun críoch mhír 2.

Airteagal 4

Módúlachtaí a bhaineann le faisnéis a iarraidh

1. Freagróidh ionadaí nó pointe teagmhála na Ríochta Aontaithe, de réir mar a bheidh, d'aon iarraidh ar fhaisnéis go gasta, agus ar an gcaoi sin tabharfaidh sé am leordhóthanach d'ionadaí an Aontais measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótocal a fheidhmiú.
2. Má mheasann údaráis na Ríochta Aontaithe nach bhfuil iarraidh ar fhaisnéis nó ábharthacht na hiarrata sin soiléir, nó go mbeadh ualach rómhór ag baint le hiarraidh a chomhlíonadh mar gheall ar raon feidhme na faisnéise a iarraidh, féadfaidh siad a iarraidh ar ionadaí an Aontais a rinne an iarraidh a raon feidhme a shoiléiriú nó a bheachtú.
3. Agus na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótocal á bhfeidhmiú acu, agus aird chuí á tabhairt ar a n-oibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Chinneadh seo, beidh sé de cheart ag ionadaithe an Aontais scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid agus taifid atá i seilbh údaráis na Ríochta Aontaithe agus, i gcás inar gá, iad sin a chóipeáil, ar doiciméid agus taifid iad ina bhfuil faisnéis atá ábhartha maidir leis na gníomhaíochtaí cumhdaithe. Cosnóidh an tAontas an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAirteagal 2(4).
4. Féadfaidh ionadaithe an Aontais a iarraidh ar údaráis na Ríochta Aontaithe a dhéanann gníomhaíochtaí cumhdaithe faisnéis ábhartha a chur ar fáil faoi na gníomhaíochtaí sin.

Airteagal 5

Rochtain leictreonach ar chórais faisnéise, bunachair sonraí agus líonraí is infheidhme

1. Arna iarraidh sin ag an Aontas, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe rochtain leictreonach leanúnach d'ionadaithe an Aontais ar bhonn fíor-ama ar fhaisnéis ábhartha atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe, agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais (dá ngairfear anseo feasta: 'córais TF') a liostaítear in Iarscríbhinn 1, a mhéid is gá le go bhféadfaidh ionadaithe an Aontais na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótocal a fheidhmiú. Áiritheoidh an tAontas go gcosnóidh a chuid ionadaithe an fhaisnéis sin i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.
2. Arna iarraidh sin ag an Aontas, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe rochtain leictreonach d'ionadaithe an Aontais ar fhaisnéis ábhartha atá sna córais TF dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2, a mhéid is gá d'ionadaithe an Aontais chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótocal a fheidhmiú. Áiritheoidh an tAontas go gcosnóidh a chuid ionadaithe an fhaisnéis sin i gcomhréir le míreanna 3 agus 4.
3. Is féidir an rochtain a dheonaítear a fheidhmiú go cianda freisin agus tá an rochtain sin faoi réir ionadaithe an Aontais ag comhlíonadh riachtanais slándála agus riachtanais úsáideora eile gach ceann de na córais TF sin.
4. Áiritheoidh an tAontas nach bhféadfaidh a chuid ionadaithe an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a úsáid ach amháin chun na cearta faoi Airteagal 12(2) den Phrótocal a fheidhmiú. Áiritheoidh an tAontas nach nochtfaidh a chuid ionadaithe aon fhaisnéis a bhfuarthas rochtain uirthi de bhun mhír 1 agus mhír 2 ach amháin d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais agus d'údaráis na Ríochta Aontaithe, mura mbeidh siad údaraithe amhlaidh ag údaráis chustaim na Ríochta Aontaithe agus ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht inniúil an Aontais. Ní fhéadfaidh údaráis chustaim na Ríochta Aontaithe diúltú nochtadh den sórt sin a údarú ach amháin ar chúiseanna a shonraítear go cuí.
5. Cuirfidh an Ríocht Aontaithe in iúl don Aontas, in am trátha, aon athrú maidir leis na córais TF a liostaítear in Iarscríbhinn 1 agus in Iarscríbhinn 2 a bheith ann, maidir lena raon feidhme nó lena n-oibriú, sula dtiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm.

*Airteagal 6***Módúlachtaí a bhaineann le bearta rialaithe a iarraidh**

1. Féadfaidh ionadaithe an Aontais bearta rialaithe a iarraidh i gcásanna aonair, ó bhéal agus i scríbhinn araon. Sonrófar go cuí in iarrataí den sórt sin na cúiseanna leis an mbeart rialaithe sonrach a iarraidh. Treorófar iarrataí chuig an duine teagmhála ábhartha de chuid údarás na Ríochta Aontaithe de ghnáth, ach féadfar iarrataí ó bhéal a dhíriú freisin ar ionadaí de chuid údaráis na Ríochta Aontaithe.
2. Déanfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe an beart rialaithe iarrtha go gasta.
3. Má mheasann údaráis na Ríochta Aontaithe nach bhfuil na cúiseanna a thug ionadaithe an Aontais dá n-iarraidh leordhóthanach nó go bhfuil siad doiléir, féadfaidh údaráis na Ríochta Aontaithe a iarraidh ar ionadaithe an Aontais a gcuid cúiseanna a shoiléiriú nó a mhíniú ar bhealach níos mionsonraithe.

Airteagal 7

Déanfaidh an Comhchoiste athbhreithniú ar an gCinneadh seo ar a dhéanaí trí bliana tar éis a theacht i bhfeidhm agus tar éis iarraidh a fháil ón Aontas nó ón Ríocht Aontaithe.

*Airteagal 8***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE

IARSCRÍBHINN 1

Córais TF ina bhfuil faisnéis atá de dhíth chun reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 5(3) den Phrótacal agus d'Airteagal 5(1) agus (2) den Phrótacal a chur chun feidhme

- An tSeirbhís um Dhearbhuithé Custaim (CDS), lena n-áirítear próifíl riosca agus faisnéis maidir le taispeáint agus stóráil shealadach na n-earraí, i gcás ina bhfuil sin ar fáil
- Seirbhís um Fheithiclí Earraí a Ghluaiseacht (GVMS)
- Córas um Dhíriú ar Lastais, lena n-áirítear faisnéis arna bailiú ar bhealaí malartacha i ndáil le dearbhú na Ríochta Aontaithe maidir le dearbhuithe onnmhairíochta
- Córas Rialaithe Allmhairí (ICS) d'fhearann náisiúnta Thuaisceart Éireann, lena n-áirítear próifíl riosca
- Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais (NCTS) d'fhearann náisiúnta Thuaisceart Éireann

Córais eile a úsáideann údarais na Ríochta Aontaithe chun Airteagal 5(2) agus (4) agus Airteagal 6(1) den Phrótacal a chur chun feidhme, lena n-áirítear faisnéis maidir le húdaruithe (Údaruithe agus cinntí atá ábhartha maidir le CCA agus leis an bPrótacal).

*IARSCRÍBHINN 2***Córais TF eile ina bhfuil an fhaisnéis is gá chun na gníomhaíochtaí cumhdaithe a dhéanamh**

- An Córas um Rialú agus um Ghluaiseacht Máil (EMCS) d'Fhearann Náisiúnta
 - Córas Malartaithe Faisnéise CBL (VIES) d'Fhearann Náisiúnta agus aon bhunachar sonraí de chuid na Ríochta Aontaithe atá ábhartha go díreach, chun sonraí clárúcháin thrádálaithe Thuaisceart Éireann a cheadú mar aon leis an bhfaisnéis a chuireann trádálaithe Thuaisceart Éireann ar fáil d'údarás cánach na Ríochta Aontaithe maidir le hidirbhearta inchánacha i ndáil le fáil earraí laistigh den Aontas a dhéantar i dTuaisceart Éireann agus ar gá do thrádálaithe de chuid Thuaisceart Éireann iad a dhearbhu.
 - Ionad Ilfhreastail (IOSS agus OSS) d'Fhearann Náisiúnta (Allmhairiú)
 - Aisíocaíocht CBL d'Fhearann Náisiúnta
-

CINNEADH uimh. 7/2020 ÓN GCOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN GCOMHAONTÚ MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH AGUS AS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an 22 Nollaig 2020

Iena mbunaítear liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina gcomhaltaí de phainéal eadrána faoin gComhaontú [2020/2251]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽¹⁾ (an‘Comhaontú Um Tharraingt Siar’), agus go háirithe Airteagal 171(1)(d) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De bhun Airteagal 171(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar dháta nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse, a leagtar amach faoin gComhaontú sin, bunóidh an Comhchoiste liosta de 25 dhuine a bheidh toilteanach agus in ann a bheith ina gcomhaltaí ar phainéal eadrána,
- (2) De bhun Airteagal 171(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní bheidh ar an liosta sin ach daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, a bhfuil na cáilíochtaí is gá acu chun iad a cheapadh sna hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha féin nó ar dlí-eolaithe iad a n-aithnítear a n-inniúlacht, agus a bhfuil eolas nó taithí speisialaithe ar dhlí an Aontais agus ar dhlí idirnáisiúnta poiblí acu. Na daoine sin, ní bheidh siad ina gcomhaltaí, ina n-oifigigh ná ina seirbhísigh eile d’institiúidí an Aontais, de rialtas Ballstáit nó de rialtas na Ríochta Aontaithe,
- (3) I bhfianaise an togra chomhpháirtigh ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh cúigear ann le haghaidh fheidhm chathaoirleach an phainéil eadrána, agus i bhfianaise na dtograí faoi seach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe go mbeidh deichniúr ann ón dá Pháirtí le haghaidh fheidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach in Iarscríbhinn I an liosta de 25 dhuine atá toilteanach agus inniúil ar a bheith ina n-eadránaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Nollaig 2020.

Thar ceann an Chomhchoiste
Na Comhchathaoirligh
Maroš ŠEFČOVIČ
Michael GOVE

⁽¹⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch.7.

IARSCRÍBHINN I

A ghabhann le Cinneadh Uimh 7/2020 ón gComhchoiste

Cathaoirligh le haghaidh Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

Ms Corinna WISSELS

Ms Angelika Helene Anna NUSSBERGER

Mr Jan KLUCKA

Sir Daniel BETHLEHEM

Ms Gabrielle KAUFMANN-KOHLER

Gnáthchomhaltaí Phainéal Eadrána an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar

An tAontas Eorpach:

Mr Hubert LEGAL

Ms Helena JÄDERBLOM

Ms Ursula KRIEBAUM

Mr Jan WOUTERS

Mr Christoph Walter HERRMANN

Mr Javier DIEZ-HOCHLEITNER

Ms Alice GUIMARAES-PUROKOSKI

Mr Barry DOHERTY

Ms Tamara ČAPETA

Mr Nico SCHRIJVER

An Ríocht Aontaithe:

Sir Gerald BARLING

Sir Christopher BELLAMY

Mr Zachary DOUGLAS

Sir Patrick ELIAS

Dame Elizabeth GLOSTER

Sir Peter GROSS

Mr Toby LANDAU QC

Mr Dan SAROOSHI QC

Ms Jemima STRATFORD QC

Sir Michael WOOD

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)

ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)



■ Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA